# Liotúirge – Tráth Mhí na Samhna – Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2021

Is féidir an acmhainn seo a úsáid le Liotúirge an Bhriathair, nó Liotúirge na hEocairiste a reáchtáil. Tá sé i gceist againn anseo, tacú leis an scaradh sóisialta. Má tá córas idirchumarsáide ar fud na scoile beifear ábalta pobal na scoile a cheangal leis an liotúirge cé go mbeidís ina gcuid seomraí féin.

Bain úsáid as 'Google Drive' nó léibheann cosúil leis le 'Leabhar Cuimhneacháin' a chur ar fáil, áit ina bhféadfadh na daltaí liostaí a chur le chéile de na daoine gur mhaith leo cuimhneamh orthu. D'fhéadfadh na múinteoirí Oideachas Reiligiúnach maoirseacht a dhéanamh ar a leithéid.

Lasann gach oide coinneal sa seomra ranga. D'fhéadfaí taifid de na hamhráin a sheinm (m.sh. Cór Chúil Aodha) de bharr na deacrachta a bhainfeadh le cór a thabhairt le chéile ar scoil, mar shampla.

**Amhrán Iontrála:** Céad Glóire Leis an Athair (tiomnaithe d'íobartaigh COVID-19, dá muintir is dá gcuid cairde).
**Gníomh Aithrí:** A dheartháireacha agus a dheirfiúracha, tugaimis ár bpeacaí chun cuimhne chun gurbh fhiú sinn na rúndiamhra naofa seo a cheiliúradh.
**Ceannaire:** Cuireadh tú chugainn le lucht an chroíbhrú a leigheas: A Thiarna déan trócaire.
**Cách:** A Thiarna déan trócaire.
**Ceannaire:** Tháinig tú chun na peacaigh a thabhairt chun aithrí: A Chríost déan trócaire.
**Cách:** A Chríost déan trócaire.
**Ceannaire:** Tá tú i do shuí ar dheasláimh an Athar chun idirghuí a dhéanamh ar ár son: A Thiarna déan trócaire.
**Cách:** A Thiarna déan trócaire.

## Liotúirge an Bhriathair

### An Chéad Léacht: Irimia 29:10-14

Sliocht as leabhar Irimia fáidh.

Óir is mar seo a deir an Tiarna: "Ní go mbeidh an seachtó bliain a deonaíodh don Bhablóin istigh, a thiocfaidh mé ar cuairt chugaibh agus a chomhlíonfaidh mé mo ghealltanas daoibh, sibh a thabhairt ar ais don áit seo. Óir tá fios mo smaointe agam in bhur dtaobh - an Tiarna a labhraíonn - smaointe síochána agus ní oilc, a thabhairt croí agus dóchais daoibh. Ansin nuair a ghlaofaidh sibh ormsa, nuair a thiocfaidh sibh chun impí ormsa, éistfidh mé libh. Nuair a iarrfaidh sibh mé gheobhaidh sibh mé, nuair a iarrfaidh sibh mé le bhur gcroí go hiomlán. Beidh mise ar fáil agaibh - an Tiarna a labhraíonn. Tabharfaidh mé ar ais bhur gcuid daoibh, agus cruinneoidh mé sibh as na ciníocha uile agus as gach uile áit ar dhíbir mé sibh, an Tiarna a labhraíonn. Tabharfaidh mé ar ais sibh chun na háite as ar ruaig mé sibh."

Sin é Briathar Dé.
Buíochas le Dia.

## Salm: Salm 63: 1-8

Freagra: Tá íota tarta ar m'anam chugat, A Dhia, mo Dhia.

1. A Dhia, mo Dhia thú, is tú a iarraim,
tá íota tarta ar m'anam chugat.
Ní théann lagú ar mo cholainn ach ag tnúth leat
amhail talamh tur tirim gan uisce.

Freagra.

2. Is mar sin a bhínn ag amharc ort san ionad naofa
d'fhonn go bhfeicfinn do ghlóir is do chumhacht.
De bhrí gur fearr ná an bheatha féin do bhuanghrá,
canfaidh mo bheola do mholadh.

3. Ar an ábhar sin beannóidh mé le mo bheo thú
agus ardóidh mé mo lámha i d'ainmse.
Líonfar m'anam mar a líonfaí le fleá é,
agus molfaidh mo bhéal le ríméad thú.

4. Óir tháinig tú i do chúntóir agam,
agus gairdím faoi scáth do sciathán.
Tá m'anam ag cloí go dlúth leat,
agus coinníonn do dheaslámh suas mé.

## An Dara Léacht: Apacailipsis 21: 1-4

Sliocht as an leabhar Apacailipsis.

Ansin chonaic mé neamh nua agus talamh nua. Bhí an chéad neamh agus an chéad talamh bailithe leo agus gan an fharraige ann feasta. Agus chonaic mé an chathair naofa, an Iarúsailéim nua, ag teacht anuas ó na flaithis, ó Dhia agus í ullamh maisithe mar nuachair i gcomhair a fir chéile. Agus chuala mé guth tréan ón ríchathaoir á rá: "Féach, tá áitreabh Dé fara daoine, agus cónóidh sé ina measc, agus beidh siad ina bpobal aige, agus beidh Dia féin faru. Glanfaidh sé gach deoir óna súile, agus ní bheidh an bás ann feasta, ná ní bheidh caoineadh ná olagón ná pian ann a thuilleadh, óir tá an seansaol thart."

Sin é Briathar Dé.
Buíochas le Dia.

Alleluia:
Alleluia, Alleluia.
*Véarsa*. Go dtabharfaidh Athair ár dTiarna Íosa Críost, léargas na tuisceana dúinn ionas go dtuigfimid an dóchas a bhaineann leis an nglao a chuireann sé orainn.
Alleluia!

## An Soiscéal: Marcas 4:35-41

Sliocht as an Soiscéal Naofa de réir Naomh Marcas.

Nuair a bhí an tráthnóna ann an lá sin, dúirt Íosa leis na deisceabail: "Téimis trasna anonn." Agus ag fágáil an tslua ina ndiaidh, thug siad leo é sa bhád mar a bhí sé, agus bhí báid eile á thionlacan. D'éirigh cuaifeach mór gaoithe, agus bhí na farraigí ag bualadh an bháid sa chaoi go raibh sí ag líonadh cheana féin. Bhí sé féin i ndeireadh an bháid ina chodladh agus a cheann ar an bpillín, agus mhúscail siad é agus dúirt leis: "A Mháistir, an ea nach cás leat go bhfuil an bás againn?" Agus ar dhúiseacht dó, bhagair sé ar an ngaoth agus dúirt leis an bhfarraige: "Éist, bí socair!" Agus thit an ghaoth, agus bhí sé ina théigle mhór. Dúirt sé leo: "Cén fáth a bhfuil an eagla seo oraibh? An ea nach bhfuil creideamh agaibh?" Bhí uamhan agus eagla orthu agus bhí siad á rá eatarthu féin: "Cé hé an duine seo, más ea, a rá go ndéanann gaoth agus farraige rud air?"

Sin é Soiscéal Dé.

## Guí an Phobail

A dhearthráireacha agus a dheirfiúracha, cuirimid ár gcuid urnaí in airde ar son an phobail agus ar son an domhain. Guímis chuig Críost ár dTiarna ní hamháin ar ár son féin agus ar son ár mianta, ach ar son an phobail i gcoitinne:

1. Guímid ar son an Phápa Proinsias, ar son ár nEaspag .......................................... , ar son na cléire agus ar son an phobail Chríostaí ar fad. Deonaigh go spreagfaidh grásta an Spioraid Naoimh iad leis an Eaglais a threorú agus a láidriú i gcónaí.
   A Thiarna éist linn.

2. Guímid ar son an Oird .......................................... . Go dtabharfaidh a gcuid oibre an spreagadh dúinn maireachtáil i gcónaí de réir luacha an bhunaitheora .......................................... .
   A Thiarna éist linn.

3. Guímid ar son phobal na scoile seo againne. Ag an am dúshlánach seo deonaigh go mbeimid i gcónaí ag gníomhú ar an mbealach atá bunaithe ar an gcreideamh, an dóchas agus an grá.
   A Thiarna éist linn.

4. Guímid ar son ár gcuid tuismitheoirí agus ár seantuismitheoirí. Deonaigh go mbronnfaidh a gcuid grá agus a gcuid treoir, neart sólás agus inspioráid leanúnach dúinn.
   A Thiarna éist linn.

5. Guímid ar son na muintire muirní atá ar shlí na fírinne. (*Sos*) Deonaigh go mbronnfar suaimhneas síoraí ar dheasláimh Dé ar neamh orthu.
   A Thiarna éist linn.

6. Guímid ar son ár muintire féin agus orthusan atá mar oibrithe tosaigh. Go gcumhdaí Dia iad, agus go mbronna sé an chrógacht oiriúnach leanúnach orthu gníomhú ar son ár leasa.
   A Thiarna éist linn.

**Sagart:** A Dhia, ár neart agus ár ndídean, éist le guí na hEaglaise. Is tusa foinse an adhartha. Iarraimid go humhal ort an méid a lorgaímid go dóchasach ort a bhronnadh orainn. Trí Chríost ár dTiarna.

**Machnamh:**
A fhad is a bhíonn an ceol á sheinm, tugtar cuireadh do na daltaí ainmneacha na ndaoine atá á dtabhairt chun cuimhne a chogar os íseal, nó a rá amach os ard.

**Ceol le Cór Chúil Aodha: 'Go mBeannaítear Duit'**

1. Go mBeannaítear Duit, A Mhuire.
2. Ag an bPósadh bhí i gCána.
3. Thug an Tiarna Dóibh Arán ó Neamh.
4. Regina Coeli.
5. Is é an Tiarna m'Aoire.
6. Molaimis Go Léir an tAon-Mhac Críost.
7. Céad Glóire Leis an Athair.
8. O Filii et Filiae.
9. Cogar na nAingeal.
10. Dia do Bheatha.
11. Is é Seo an Lá a Rinne an Tiarna.

